# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S.7

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

**GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

**DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

**Ceist 1.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**

**(Ní gá dul thar leathanach go leith i do fhreagra.)**

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Laethanta saoire….an tábhacht a bhaineann leo i saol an duine.
(ii) Dá mbuafainn an crannchur náisiúnta….
(iii) Daoine speisialta.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:-

" 'Ná bac leis an duine sin as seo amach.' Sin é an rud deireanach a dúirt mo thuismitheoirí liom agus mé ar mo shlí amach chuig an dioscó an oíche sin…"

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla le linn cóisire i do theach féin fad a bhí do thuismitheoirí as baile.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin sin:-

(i) "Tá an tír seo imithe ar strae ar fad."

(ii) "Léiríonn na sobalchláir (galúntraithe) ar an teilifís an saol mar atá sé."

**D. ALT (do nuachtán nó d'iris)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Bhí seó faisin i do scoil féin le déanaí.
Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile ag cur síos ar an ócáid.

(ii) Tá an nuachtán *Foinse* ag lorg alt ó dhaoine óga faoin ábhar 'Clubanna Oíche'.
Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin faoin ábhar sin.

THALL →

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(20 marc)**

**A.** Tháinig an múinteoir Gaeilge ort agus tú ag cur téacsteachtaireachta ar do fhón póca chuig cara leat le linn an rang Gaeilge.
Scríobh **an comhrá** a bhí idir tusa agus an múinteoir faoi seo tar éis an ranga.

**B.** Chuir tú agallamh ar pholaiteoir ó do cheantar féin i gcomhair iris na scoile. Rinne tú téipeáil ar an agallamh. Scríobh **an t-agallamh** a bhí ar an téip agat.

## ROINN II - LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]


Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar ailt in *Foinse, Lá, The Irish Times* agus *www.goldeneagle.ie)* agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*

# An t-Iolar Fíréan ag Filleadh ar Éirinn

**1.** Tá sé beagnach céad bliain ó shin ó bhí an t-iolar fíréan sa tír seo. I 1910 ní raibh ach péire amháin fágtha i gCo. Dhún na nGall. Dhá bhliain ina dhiaidh sin chonacthas an péire deireanach i dtuaisceart Mhaigh Eo. Le cúpla bliain anuas tá tionscnamh ar bun chun na héin uaisle seo a mhealladh ar ais go hÉirinn. Is é Lorcán Ó Tuathail atá ina bhainisteoir ar an tionscnamh seo. Is féidir gach eolas i dtaobh na hoibre seo a léamh agus a leanúint ar an suíomh idirlín www.goldeneagle.ie

**2.** Sa bhliain 2001 tugadh sé cinn d'iolair óga isteach sa tír seo ó Albain, áit a bhfuil ceithre chéad fiche péire de na hiolair seo ag lonnú. Scaoileadh na hiolair óga seo saor i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha i gCo. Dhún na nGall. Anuraidh scaoileadh ocht gcinn eile d'iolair óga saor sa cheantar céanna. Scaoilfear idir seasca agus seachtó cúig eile saor laistigh de thréimhse chúig bliana. Cuirtear teaigeanna raidió ar na héin ionas gur féidir le Lorcán agus a fhoireann cuntas a choimeád faoi gach iolar fíréan a scaoiltear saor.

**3.** Tá ag éirí go hiontach leis an tionscnamh go dtí seo cé go mbíonn deacrachtaí beaga ann ó am go chéile. Is éan creiche é an t-iolar fíréan, is é sin, seilgeann sé agus maraíonn sé éin agus ainmhithe eile chun é féin a chothú. Foghlaimíonn an t-iolar óg é seo go nádúrtha óna thuismitheoirí. Gan na múinteoirí seo tógann sé tamall níos faide ar na hiolair óga a scaoiltear saor scileanna na seilge a fhoghlaim dóibh féin. Ar an ábhar seo fágtar bia amach dóibh i dtús báire ach diaidh ar ndiaidh tosaíonn siad ag seilg agus ag soláthar bia dóibh féin.



**An t-Iolar Fíréan**

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

(i) (a) Cén fáth a luaitear Maigh Eo?
(b) Cén aidhm atá ag an tionscnamh a luaitear in **Alt 1**?

(ii) (a) Cad a deirtear in **Alt 1** faoi Lorcán Ó Tuathail?
(b) Breac síos **dhá** phointe eolais mar gheall ar na hiolair a tugadh isteach sa tír seo in 2001.

(iii) (a) Cé mhéad iolar fíréan a scaoileadh saor in Éirinn go dtí seo? Cé mhéad a scaoilfear saor inti thar thréimhse chúig bliana?
(b) Cén fáth a gcuirtear teaigeanna raidió ar na héin?

(iv) (a) Cén fáth a dtugtar éan creiche ar an iolar fíréan?
(b) Conas a fhoghlaimíonn iolair óga scileanna na seilge go nádúrtha?

(v) (a) Breac síos cúis **amháin** a bhfágtar bia amach do na hiolair i dtús báire nuair a scaoiltear saor iad?
(b) Tá slí amháin luaite in **Alt 1** chun teacht ar eolas faoin tionscnamh seo. Cad é?

